**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000039/2020**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Sirpa Pietikäinen**, **Christel Schaldemose**, **Karin Karlsbro**, **Bas Eickhout**, **Jadwiga Wiśniewska**, **Idoia Villanueva Ruiz**
thar ceann an Choiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Ábhar: Tábhacht an bhonneagair uirbigh agus ghlais – Bliain Eorpach na gCathracha Níos Glaise 2022

Is tionscnamh de chuid ardán ENRanna Eorpacha í ‘Bliain Eorpach na gCathracha Níos Glaise 2022’ ina bhfuil eagraíochtaí a chumhdaíonn saincheisteanna amhail cearta leanaí, daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta, daoine a bhfuil ailléirge ag cur orthu agus a bhfuil asma orthu, eagraíochtaí spóirt, grúpaí comhshaoil agus eagraíochtaí saoránach. Tá sé mar aidhm leis béim a leagan air go bhfuil an dúlra a bheith i gcathracha agus ár gcomharsanachtaí a ghlasú ar cheann de na deiseanna is mó nach mbaintear leas iomlán astu chun caighdeán maireachtála shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú; chun méid agus cáilíocht an taighde a fheabhsú agus chun tacú le forbairt na nuálaíochta; saoránaigh a spreagadh le gníomhaíocht a dhéanamh chun feabhas a chur ar a gcomharsanachtaí féin; cultúr a chruthú ina bhfuil meas ar ár spásanna glasa; líon na dtionscadal bonneagair ghlais a mhéadú; treochlár a chruthú chun cathracha Eorpacha a ghlasú faoi 2030; agus, ar deireadh, na tionscnaimh ar fad atá ann cheana i réimse an bhonneagair ghlais a nascadh, dea-chleachtais a roinnt agus fuinneamh a chur leis an gclár oibre foriomlán ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE.

D’fhéadfadh an bonneagar glas cabhrú le haghaidh a thabhairt ar a lán de na dúshláin atá le sárú ag timpeallachtaí uirbeacha, amhail adhaimsir, cailliúint na bithéagsúlachta, coinneáil $CO_2$, truailliú agus rioscaí sláinte, ar bhealach simplí agus costéifeachtach:

1. An bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún bliain a chruthú maidir le téama na gcathracha níos glaise in 2022, nó tacú lena cruthú, ar bliain í a dhéanfadh feasacht a ardú maidir leis an tábhacht a bhaineann le bonneagar glas i dtimpeallachtaí uirbeacha?

2. Conas atá éascaíocht á déanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar mhalartú dea-chleachtas agus cleachtas nuálach idir na Ballstáit agus cathracha maidir le timpeallachtaí uirbeacha a ghlasú? Ina theannta sin, i bhfianaise na tuarascála maidir le cur chun feidhme straitéis an Aontais maidir le bonneagar glas, cad iad na bearta a dhéanfaidh an Coimisiún chun cur le himscaradh an bhonneagair ghlais agus chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a tarraingíodh anuas?

Curtha síos: 04/06/2020

Spriocdháta i gcomhair freagra: 05/09/2020